

AN GARDA SÍOCHÁNA



PLEAN PÓILÍNEACHTA ROINN CHONTAE CHORCAÍ 2024



Ag Coinneáil Daoine Sábháilte
Keeping People Safe

Brollach le hOifigeach na Roinne

Tá lúcháir orm, mar Ard-Cheannfort Roinn Chontae Chorcaí, an Plean Póilíneachta do Chontae Chorcaí don bhliain 2024 a sheoladh. Is é seo an tríú plean bliantúil agus an plean deiridh, chun cur leis na cuspóirí inár Ráiteas Straitéise, 2022 – 2024. Cruthaíodh plean póilíneachta na bliana seo i gcomhairle lenár bpobail, trí aiseolas a fuarthas ar bhealaí éagsúla, lena n-áirítear suirbhéanna, ó gheallsealbhóirí inmheánacha agus seachtracha. Tá na príomhghníomhartha sa phlean faoi threoir ag croílúachanna dár gcuid, eadhon macántacht, cuntasacht, meas, gairmiúlacht agus comhbhá.



Sna tosaíochtaí inár bplean léirítear na gníomhartha is gá chun na torthaí a bhfuiltear ag súil leo a bhaint amach i spriocanna straitéiseacha Ráiteas Straitéise an Gharda Síochána agus áirítear leo tosaíochtaí maidir leis an bPobal, Dul i nGleic leis an gCoireacht agus Póilíneacht Choisctheach, Íospartaigh agus Daoine Leochaileacha, Slándáil Stát na hÉireann a Chosaint agus Athrú Inbhaunaithe & Nuálaíocht. Tacaíonn ár bplean le gach fostaí chun an pobal a chur i gcoilár gach a ndéanann siad. Táthar ag súil go rachaidh gach Garda agus gach ball foirne den Gharda Síochána i ngleic go hiomlán le riachtanais ár bpobail agus go gcinnteoidh siad go gcuireann a ngníomhartha eiticiúla le luach na bpobal ar a bhfreastalaímid agus go méadóidh siad sábháilteacht na bpobal siúd.

Is é mo thiomantas mar Ard-Cheannfortna tosaíochtaí atá leagtha síos dúinn agaibhse, na daoine den phobal, a sheachadadh. Infheictheacht, Rannpháirtíocht an Phobail, cur chuige atá dírithe ar Íospartaigh, an Choireacht a Chosc/a Bhrath agus Sábháilteacht ar Bhóithre. Seo iad na bunsráiteanna ar a bhfuil Plean Póilíneachta Contae Chorcaí 2024 tógtha. Táimid tiomanta do thacaíocht agus dul i mbun oibre lenár gcomhpháirtithe Pobail ar nós an Chomhchoiste Póilíneachta, an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, Comhlachtaí Reachtúla agus Deonacha chun srian a chur leis na deiseanna atá ar fáil dóibh siúd atá ag gabháil d'iompar frithshóisialta agus d'iompar choiriúil inár bpobail.

Táim muiníneach go ndéanfar fíordhifriocht leis na tionscnaimh atá leagtha amach sa phlean seo do na pobail i gContae Chorcaí a bhfuilimid bródúil as a bheith ag freastal orthu. Táim ag tnúth le tabhairt faoi na dúshláin sa bhliain atá romhainn agus ba mhór agam aiseolas a fháil ó pháirtithe leasmhara ionas gur féidir linn tógáil ar an bplean seo amach anseo.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt d'íarrachtaí na mball foirne atá ag obair i gContae Chorcaí ar an líne tosaigh, ag freastal ar ár bpobail 24 uair in aghaidh an lae, 7 lá in aghaidh na seachtaine, agus ag déanamh a ndícheal daoine a choimeád slán sábháilte.

Gabhaim buíochas libh as bhur gcomhoibriú agus as bhur tacaíocht leanúnach agus táim ag tnúth le bheith ag obair libh i rith 2024.

Vincent O Sullivan
Ard-Cheannfort



Conas teagmháil a dhéanamh leis an Roinn ina bhfuil tú féin – I gcás éigeandála, cuir glaoch i gcónaí ar 999 nó 112

Ceannfoirt, agus teagmháil oifige	Stáisiún	Uaireanta Oscailte	Teileafón
Ceantar Dhroichead na Bandan An Ceannfort Niall Crowley	Droichead na Bandan	24/7	023 8852200
	Cionn tSáile	Gach Lá 10am – 6pm	021 4772302
	Béal Átha an Cheasaigh	10am – 12md *	021 4885102
	Béal Átha an Spidéil	10am – 12md *	021 4778212
	Béal Átha Fhinín	10am – 12md *	023 8847111
	Cill Bhriotáin	10am – 12md *	023 8849666
	Tigh Molaige	10am – 12md *	023 8846122
	Inis Eonáin	10am – 12md *	021 4775302
Dúiche Mhaigh Chromtha An Ceannfort Joe Moore	Maigh Chromtha	24/7	026 20590
	Béal Átha an Ghaorthaidh	10am – 1pm *	026 47002
	Baile Bhuirne	6.30 pm – 8.30 pm*	026 45002
	Áth an Chóiste	10am – 1pm *	021 7334002
	An Baile Gallda	2.30 pm – 4.30 pm*	021 733602
	Stuaic	10am – 1 pm *	021 7337032
	Tír Eiltín	10am – 1pm *	026 46002
	Baile Deasumhan	8pm – 9pm Déardaoin *	064 51102
	An Bóthar Buí	3pm – 4pm *	029 76002
	Sráid an Mhuilinn	Gach Lá 10am – 1pm	029 70002
	An Ráth Mór	3pm – 4pm *	064 9158113

* *Faoi réir Acmhainne Oibriúcháin*



Conas teagmháil a dhéanamh leis an Roinn ina bhfuil tú féin – I gcás éigeandála, cuir glaoch i gcónaí ar 999 nó 112

Ceannfoirt, agus teagmháil oifige	Stáisiún	Uaireanta Oscailte	Teileafón
Dúiche Chloich na Coillte Oifigeach Dúiche Gníomhach An Ceannfort Ian O Callaghan	Cloich na Coillte	24/7	023 8821570
	An Sciobairín	Luan - Céadaoin 12pm – 5pm Déardaoin - Satharn 3pm – 8pm	028 23088
	Dún Mánmhaí	10am – 12md *	023 8845202
	Ros Ó gCairbre	10am – 12md *	023 8848162
	Dún na Séad	10am – 12md *	028 20102
	Draighneach	10am – 12md *	028 30113
Dúiche Bheantraí Oifigeach Dúiche Gníomhach An Ceannfort Triona O Mahony	Beantraí	24/7	027 20860
	An Scoil	10am – 1pm *	028 28111
	Baile Chaisleáin Bhéarra	10am – 1pm *	027 70002
	An Gleann Garbh	10am – 1pm*	027 63002
	Dúras	10am – 1pm *	027 61002
	Drom Dhá Liag	10am – 1pm *	028 31111
	An Chaolchoill	10am – 11am *	027 20867
	Béal an Dá Chab	10am – 11am *	028 37111
Ceantar Mhainistir Fhear Maí An Ceannfort Michael Corbett	Mainistir Fhear Maí	24/7	025 82100
	Cill Uird	10am – 12md *	025 27101
	Baile Mhistéala	Gach Lá 9am – 5pm	025 84833
	Ráth Chormaic	10am – 12md *	025 36102
	An Baile Nua	10am – 12md *	058 59100
	Baile Chaisleáin an Róistigh	10am – 12md *	022 26161
	Cill Dairbhre	10am – 12md *	022 25162
	Cnocán na Biolraí	10am – 12md *	021 4889102

* **Faoi réir Acmhainne Oibriúcháin**



Conas teagmháil a dhéanamh leis an Roinn ina bhfuil tú féin – I gcás éigeandála, cuir glaoch i gcónaí ar 999 nó 112

Ceannfoirt, agus teagmháil oifige	Stáisiún	Uaireanta Oscailte	Teileafón
Dúiche Mhainistir na Corann An Ceannfort Adrian Gamble	Mainistir na Corann	24/7	021 4621550
	Cóbh	24/7	021 4908530
	Eochail	Gach Lá 10am – 2pm	024 92200
	Carraig Thuathail	10am – 12md *	021 4883222
	Cill Ia	10am – 12md *	024 95112
	Cluain	10am – 12md *	021 4652515
	An Geata Bán	10am – 12md *	021 4661212
	Baile Choitín	10am – 12md *	021 4646712
Ceantar Mhala An Ceannfort Gary McPolin	Mala	24/7	022 31450
	An Ráth	Luan – Satharn 10 am – 1pm & 2pm – 5pm Dé Domhnaigh, 12 meán lae – 1pm	063 21770
	Ceann Toirc	Luan – Satharn 12 meán lae – 8pm Dé Domhnaigh/Lá Saoire Bainc 1pm – 2pm	029 20680
	Baile Roibín	10am – 12 pm Luan go hAoine	029 60002
	An Gleanntán	10am – 12md *	022 47154
	Dún ar Aill	10am – 12md *	022 24182
	Cill na Mallach	10am – 12md *	022 41740
	Lios Cearúill	10am – 12md *	022 48163
	Baile na nGallóglach	10am – 12md *	063 80002
* Faoi réir Acmhainne Oibriúcháin			
Is féidir Oifigigh éagsúlachta don Rannán a aimsiú anseo			
Is féidir oifigigh um Chosc ar Choireanna don Rannán a aimsiú anseo			
Is féidir cigirí um imeaglú a bhaineann le drugaí don Rannán a aimsiú anseo			





1. Pobal

Leanúint de na nasc le pobail a neartú, ag obair i gcomhpháirtíocht chun daoine a choinneáil sábháilte.

Spriocanna Náisiúnta

Torthaí na Roinne

1.1 Obair i gcomhpháirtíocht chun réitigh inbhuanaithe a fhorbairt d'fhonn aghaidh a thabhairt ar imní i leith shábháilteacht an phobail, lena n-áirítear an dochar a dhéanann drugaí dó

Tríd an gCreat Póilíneachta Pobail, méadóidh an Garda Síochána i gContae Chorcaí an Patrólú Ard-Infheictheachta, agus an seachadadh tionscnamh pobail, rachaidh siad i dteagmháil le gach grúpa inár bpobal, agus cinnteoidh go mbeidh ionadaíocht ag gach duine, agus méadófar an mhuinín i dtuairisciú na coireachta agus i dteagmháil le An Garda Síochána dá réir. Trí oibriú go héifeachtach i gcomhpháirtíocht lenár bpríomhpháirtithe leasmhara laghdóimid an baol díobhála inár bpobail agus úsáidfimid cur chuige atá dírithe ar Fhadhbanna chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna agus imní i leith na sábháilteachta pobail

1.2 Caidreamh a dhéanamh le gach pobal chun seirbhís póilíneachta a sholáthar atá tuisceanach agus sofhreagrach do riachtanais éagsúla na sochaí

Déanfar dea-chaidrimh oibre a bhunú agus a chothú le grúpaí mionlaigh, le pobail óige agus le pobail éagsúla a mbeidh muinín agus muinín as an nGarda Síochána mar thoradh air agus sainnithneofar aon saincheisteanna féideartha go luath. Spreagfar tuairisciú a dhéanamh don Gharda Síochána i leith eachtraí coireachta fuatha, agus déanfar cigireacht ar na tuairiscí go réamhghníomhach, agus déanfar deimhin dá réir go mbeidh an t-imscrúdú dírithe ar íospartaigh. Leanfar den rannpháirtíocht le príomhpháirtithe leasmhara sna ceantair Ghaeltachta agus le hOifigigh Phleanála Teanga an Oifigigh Phleanála Teanga don Rannóg de réir Straitéis Ghaeilge an Gharda Síochána 2022 – 2025.

Spriocanna don Rannán

1.3 Cur i bhfeidhm an Chláir Tuairiscithe um Imeaglú Bainteach le Drugaí (DRIRP)

Aithneofar Íospartaigh den Imeaglú a bhaineann le Drugaí agus tacófar leo siúd chun gearán coiriúil a dhéanamh. Méadóimid an fheasacht ar dhruaí sa phobal agus beidh níos mó oibríochtaí faisnéis-bhunaithe ann mar thoradh air. Neartóidh An Garda Síochána, Contae Chorcaí caidrimh agus oibreoidh siad i gcomhpháirtíocht leis an bpobal agus le gníomhaireachtaí eile chun an dochar a tharlaíonn de bharr mí-úsáide drugaí a laghdú.



1. An Obair Rialta a Dhéanaimid leis an bPobal

Obair	Modh	Obair	Modh
Patrólú Réamhghníomhach		Clár na Scoileanna a Sheachadadh	
Teagmháil le hEochair-Gheallsealbhoirí		Cainteanna faoin tsábháilteacht ar bhóithre	
Comhairle don phobal maidir le Cosc ar Choireacht		Teagmháil le grúpaí pobail	
Creat Póilínithe Pobail		Tacaíocht a thabhairt d'íospartaigh na Coireachta	
An Straitéis Náisiúnta um Dhrugaí agus Imeaglú a Bhaineann le Druagaí		Gradaim Óige an Rannáin	

Príomhtháscaire

Aiseolas ón gComhchoiste Póilíneachta

Aiseolas ó Eochair-Gheallsealbhoirí

Tuarascálacha um Phríomhtháscaire Feidhmíochta

Fianaise ar rannpháirtíocht agus dea-chaidreamh oibre le grúpaí mionlaigh agus éagsúla

Príomhtháscaire

Infheictheacht Mhéadaithe sa Phobal

An líon láithreacha achrainn um Iompar Frithshóisialta a Laghdú

Torthaí an tSuirbhé ar Dhearcadh an Phobail

Pobail Níos Sábháilte





2. An choireacht a chosc & An Phóilíneacht Choisctheach

Coireanna a Réamh-mheas agus aghaidh a thabhairt orthu, lena n-áirítear treochtaí coireachta nua agus treochtaí coireachta atá ag teacht chun cinn, ag baint úsáide as cur chuige éifeachtach póilíneachta atá á threorú ag faisnéis.

Spriocanna Náisiúnta

2.1 Coireanna a aithint go réamhghníomhach, a dhíriú orthu agus a chur isteach orthu ag gach leibhéal, lena n-áirítear cineálacha coireanna nua agus cineálacha coireanna atá ag teacht chun cinn

2.2 Ár n-acmhainn agus ár gcumas chun aghaidh a thabhairt ar choireanna a fheabhsú trí chomhordú, trí chomhoibriú agus trí chur chuige faisnéisbhunaithe

Torthaí na Roinne

Bainfidimid úsáid as na hacmhainní go léir atá ar fáil chun treochtaí coireachta do choireacht toirte a aithint chun freagairt réamhghníomhach cuí a chinntiú de réir an Phlean Náisiúnta Feabhsúcháin Brath. Próiseálfar ciontóirí sa chóras Ceartais Coiriúil chomh luath agus is féidir chun iarracht a dhéanamh an atíomáíocht a laghdú. Bainfear úsáid as teicneolaíochtaí ceannródaíocha chun gníomhaíocht choiriúil a shainiú de réir Beartais agus Reachtaíochta. Beidh gach oibríocht agus gníomhaíocht a bheidh pleanáilte bunaithe ar Chearta an Duine.

Tá An Garda Síochána, Contae Chorcaí tiomanta do gach coir a chosc, a bhrath agus a laghdú. Trí oibríochtaí atá bunaithe ar fhaisnéis agus trí chur chuige comhtháite comhordaithe, díreoidimid ar ghníomhaíochtaí coiriúla na nGrúpaí Coireachta Eagraithe sócmhainní a aithint agus cur isteach orthu.

2. An Obair a Dhéanaimid go Rialta agus Caighdeán Seirbhíse

Obair	Modh
Patrúil Réamhghníomhacha	
Oibríochtaí Pleanáilte	
Idirchaidreamh le Gníomhaireachtaí Póilíní Idirnáisiúnta	
Úsáid Teicneolaíochtaí Ceannaireachta/Seirbhís Anailísí	
Príomhtháscaire	
Tuarascálacha um Phríomhtháscaire Feidhmíochta	
Aiseolas ón gComhchoiste Póilíneachta	
Figiúirí/Staidreamh Coireachta	
Feabhsaíodh an cumas oibríocháin tríd an bhfoghlaim	

Obair	Modh
Teagmháil le hEochair-Gheallsealbhóirí	
Comhairle don phobal maidir le Cosc ar Choireacht	
An Póilíníú Pobail	
An Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach	
Príomhtháscaire	
Toradh dearfach ó Oibríochtaí	
Torthaí trí Schengen	
Patrúlu ard-fheiceálach	
Rátaí Braite	





3. Íospartaigh & Daoine Soghonta

Dochar a laghdú trí dhínit agus Cearta Daonna íospartach agus gach duine soghonta a bhíonn ag idirghníomhú leis an nGarda Síochána a chur chun cinn agus a chosaint.

Spricanna Náisiúnta

3.1 Obair i gcomhpháirtíocht chun seirbhísí agus tacaíochtaí cuí a sholáthar d'íospartaigh na coireachta, agus béim ar leith a leagan ar choireacht bhaile, ghnéasach agus inscne

3.2 Iompar freagrach ar ár mbóithre a chur chun cinn agus a fhorfheidhmiú, ag obair i gcomhpháirtíocht leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus le gníomhaireachtaí comhpháirtíochta eile

Torthaí na Roinne

Cinnteoimid go mbeidh gach gníomhaíocht dírithe ar an íospartach ag cinntiú go gcosnófar íospartaigh leochaileacha go háirithe íospartaigh an fhoréigin teaghlaigh, ghnéasach agus inscne. Cuirfear tacaíocht chuí ar fáil d'íospartaigh na coireachta a aithnítear a bheith leochaileach nó ardriosca. Cosnófar agus tacófar le híospartaigh Leochaileacha sa Chóras Ceartais Coiriúil trí úsáid a bhaint as ár nAonaid Seirbhíse Cosanta Rannáin, Agallóirí Íospartaigh Speisialaithe, Oifigigh Idirchaidrimh Teaghlaigh, Oifigigh Ilchineálachta agus Foireann Oifige Rannán na nÍospartach de réir an bheartais.

Déanfaimid Oibríochtaí Réamhghníomhacha Póilíneachta Bóithre spriocdhírthe a sheachadadh le linn 2024 chun tacú leis an 'Ár dTuras i dtreo Fís Nialas' – Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóthar Rialtas na hÉireann, 2021 – 2030. Bainfidh gach ball den Garda úsáid as teicneolaíochtaí mar ghléasanna soghluaisteachta chun bóithre a choinneáil sábháilte. Cuirfear Feasacht ar Shábháilteacht ar Bhóithre chun cinn trí thionscnaimh oideachais spriocdhírthe le príomhpháirtithe leasmhara agus an Clár Scoileanna atá ann faoi láthair.

3. An Obair a Dhéanaimid go Rialta agus Caighdeáin Seirbhíse

Obair	Modh
Patrúil Réamhghníomhacha	
Teagmháil a dhéanamh le Soláthraithe Seirbhíse Tacaíochta d'Íospartaigh	
Oibríochtaí um Póilíníú Bóithre Pleanáilte	
Úsáid Teicneolaíochtaí Ceannaireachta/Seirbhís Anailísí	
Príomhtháscaire	

Tuarascálacha um Phríomhtháscaire Feidhmíochta
Aiseolas ón gComhchoiste Póilíneachta agus ó na Príomhpháirtithe leasmhara
Aiseolas ó Íospartaigh/seirbhísí Tacaíochta
Feabhsaíodh an cumas oibriúcháin tríd an bhfoglaim

Obair	Modh
Idirchaidreamh le hÍospartaigh na Coireachta	
Teagmháil le hEochair-Gheallsealbhóirí	
Seachadadh Cainteanna um Shábháilteacht ar Bhóithre	
Tacaíocht speisialtóra d'íospartaigh leochaileacha – Coiriúlacht Ghnéis, Drochúsáid Teaghlaigh.	
Príomhtháscaire	

Seachadadh cainteanna Feasachta ar Shábháilteacht ar Bhóithre
Torthaí Spriocdhírthe Oibríochtaí um Shábháilteacht ar Bhóithre
Patrúil ard-fheiceálach
Staitisticí maidir le hImlbhualtí Bóthair





4. Slándáil Stát na hÉireann a Chosaint

Slándáil an Stáit agus mhuintir an Stáit a chosaint ó sceimhlitheoireacht agus ó bhagairtí ar a leasanna ríthábhachtacha.

Spriocanna Náisiúnta

4.1 Cur i bhfeidhm leanúnach an Phlean Forbartha um Sheirbhís Slándála chun cumas agus acmhainn slándála agus faisnéise an Gharda Síochána a neartú

4.2 Slándáil an Stáit a chosaint trí oibríochtaí faisnéis-threoraithe ina n-oibrítear i gcomhpháirtíocht le gníomhaireachtaí intíre agus idirnáisiúnta araon, agus ina saináithnítear bagairtí sceimhlitheoireachta agus gníomhaithe naimhdeacha a shainaithint agus ina gcuirtear isteach orthu siúd

Spriocanna don Rannán

4.3 A chinntiú go bhfuiltear ullamh chun freagairt ar Mhóréigeandálaí

Torthaí na Roinne

Trí Phlean Forbartha na Seirbhíse Slándála a chur i bhfeidhm go leanúnach, beidh cumas agus acmhainn méadaithe ag Garda Síochána Chontae Chorcaí chun sceimhlitheoireacht fhéideartha agus gníomhaíochtaí gníomhaithe naimhdeacha a aithint agus cur isteach orthu, ag laghdú riosca don stát agus dochar inár bpobail.

Déanfaidh an Garda Síochána, Contae Chorcaí mar seo a leanas: cuirfead lenár n-eolas agus ár gcumas gníomhaithe naimhdeacha agus bagairtí don stát a aithint agus cur isteach orthu trí rannpháirtíocht lenár gcomhpháirtithe idirghníomhaireachta agus geallsealbhóirí pobail agus trí fhorbairt faisnéise. Déanfar monatóireacht ghníomhach ar gach bealach rochtana isteach sa stát i gContae Chorcaí trí thréan. Rialuithe Inimirce

Déanfar cumas an Gharda Síochána i gContae Chorcaí chun freagra a thabhairt, lenár gcomhpháirtithe idirghníomhaireachta agus páirtithe leasmhara pobail, d'éigeandálaí móra, a choimeád agus a fheabhsú.



5. Athrú Inbhuanaithe & Nuálaíocht

Cultúr d'fheabhsú leanúnach a spreagadh agus a chothú, a chuireann le nuálaíocht agus freagrúlacht i leith athruithe.

Spriocanna Náisiúnta

5.1 Na struchtúir is gá a dhaingniú chun cumas agus acmhainn ár n-eagraíochta chun athrú a fheabhsú, agus chun tacú le cultúr feabhsúcháin leanúnaigh

5.2 An inbhuanaitheacht a chumasú, a fhorbairt agus a thacú ar fud an Gharda Síochána tríd an Treochlár um an nGhníomhú ar son na hAeráide, 2023-2030 a chur i bhfeidhm

Torthaí na Roinne

Leanfaidh An Garda Síochána, Contae Chorcaí le rolladh amach na Múnla Oibríucháin go Rannán Contae Chorcaí a chur chun cinn in 2024 mar chuid den chlár claochlaithe "Seirbhís Póilíneachta don Todhchaí". Feabhsófar an fheidhmíocht trí phróisis chaighdeánaithe nua-aimseartha agus ghairmiúla.

Déanfaimid iarracht spleáchas ar chomhaid/doiciméid atá bunaithe ar pháipéar a laghdú trí úsáid a bhaint as córais chomhdaithe dhigitigh. Spreagfar cleachtas athchúrsála/athúsáide i ngach stáisiún. Déanfar cur chun cinn feasachta i leith Fuinneamh Glas a mholadh trí imscaradh leanúnach Feithiclí Cliste agus Leictreacha chuig flít chomh maith le Feithiclí Hibrídeacha de réir mar a bheidh siad ar fáil. Beidh éifeachtúlachtaí fuinnimh chun tosaigh sna hoibreacha go léir a dhéanfar trí Bhainistíocht Eastáit.





Cumasóir 1: Daoine & Cuspóir

Is mór ag an nGarda Síochána gur eagraíocht í atá dírithe ar dhaoine

Spriocanna Náisiúnta

E1.1 Feabhas a chur ar ár gcumas tacaíochtaí cuí Acmhainní Daonna, Oiliúna, Foghlama agus Forbartha a sholáthar, lena gcuirfear ar chumas ár bpearsanra rath a bhaint amach ina ról

E1.2 Tacú le sláinte agus folláine ár bpearsanra trínár Straitéis um Shláinte agus Folláine a chur i bhfeidhm

Torthaí na Roinne

Tacú le forbairt na foirne trí oiliúint a sholáthar le clár Forbartha Gairmiúla Leanúnaí na Rannóige, trí r-Fhoghlaim an Gharda Síochána, trí oiliúint tosaíochta a sholáthar ag Coláiste an Gharda Síochána, an Teampall Mór agus rannpháirtíocht an Chreat Foghlama um Cuntasacht Feidhmíochta.

Tacófar le Meabhairshláinte agus Folláine na foirne ar fad trí chláir tacaíochta piaraí agus tacaíocht eagraíochtúil agus trí thionscnaimh a chur i bhfeidhm chun tacú le sláinte, folláine agus rannpháirtíocht fostaithe. Cuirfear tacaíocht ar fáil do chomhaltaí atá as láthair go fadtéarmach trí dhíriú ar bhealaí chun filleadh ar an obair a aithint nuair is cuí.



Cumasóir 2: Comhpháirtíochtaí

Comhpháirtíochtaí straitéiseacha, comhoibríocha a fhorghníomhú agus a chothú chun ár n-eolas, ár seirbhís agus ár n-éifeachtacht a neartú go leanúnach.

Spriocanna Náisiúnta

E2.1 Obair le comhpháirtithe chun cur chuige ildisciplíneach agus 'seirbhís iomlán' a fheabhsú d'fhonn daoine a choinneáil sábháilte

E2.2 Deiseanna a iniúchadh, a fhorbairt agus a thapú chun comhoibriú trasna earnálacha ar mhaithe lenár gcur chuige bunaithe ar fhianaise i leith na seirbhíse a neartú

Torthaí na Roinne

Leanfaidh An Garda Síochána Contae Chorcaí ar aghaidh le rannpháirtíocht leanúnach le comhpháirtithe reachtúla agus pobail chun caidrimh oibre ildisciplíneacha a neartú agus a fheabhsú agus le leanúint ar aghaidh ag forbairt 'cur chuige seirbhíse iomlán' chun daoine a choinneáil sábháilte.

Spreagfaimid agus tacóimid le forbairt phearsanta na foirne trí chúrsaí acadúla a chríochnú. Úsáid foirne CEPOL, ardán Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Fhorfheidhmiú an Dlí, a chur chun cinn chun foghlaim agus forbairt phearsanta a fheabhsú bunaithe ar chleachtas idirnáisiúnta. Beimid i dteagmháil le tionscnaimh taighde atá á seoladh ag comhlachtaí inmheánacha agus seachtracha.





Cumasóir 3: Rannpháirtíocht

Cumarsáid agus rannpháirtíocht shoiléir dhá-bhealach a fhorbairt trí bhealaí nua agus reatha.

Spriocanna Náisiúnta

E3.1 Rannpháirtíocht inmheánach agus sheachtrach a neartú tríd an gcumarsáid oscailte spriocdhírthe

E3.2 Freagra a thabhairt ar an méid a bheidh arna fhoghlaim in Iniúchadh Cultúir an Gharda Síochána

Torthaí na Roinne

Leanfaidh An Garda Síochána, Contae Chorcaí ar aghaidh ag neartú rannpháirtíocht dhá bhealach le comhpháirtithe náisiúnta agus áitiúla, ag éisteacht le agus ag tuiscint riachtanais ár bpobail. Leanfaimid ag dul i dteagmháil le Páirtithe Leasmhara um Shábháilteacht ar Bhóithre chun ár mbóithre a choinneáil sábháilte. Déanfar athbhreithniú ar shonraí ón Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail lena chinntiú go ndíreofar seachadadh seirbhíse ar riachtanais agus ionchais an phobail a chomhlíonadh – ag tógáil ar mhuintir a bhunú, ag méadú infheictheachta, ag tacú le híospartaigh agus ag laghdú eagla.

Cinnteoimid go ndéanfar rioscaí a shainaithint agus a bhainistiú go réamhghníomhach chun Strus Oibriúcháin agus Comhshaoil a laghdú. Cuirfimid tionscnaimh Sláinte agus Folláine Fostaithe chun cinn. Bainfimid úsáid as an scéim 'Obair Póilíneachta den Scoth' do chomhaltaí an Gharda Síochána agus d'Fhoireann an Gharda Síochána chun a chinntiú go n-aithnítear an dea-fheidhmíocht.



Cumasóir 4: Cumasú & Muinín

Cultúr cumhachtaithe agus muiníne a chothú, fréamhaithe san ionracas agus i gcosaint Chearta an Duine.

Spriocanna Náisiúnta

E4.1 An t-iompar gairmiúil agus an t-iompar eiticiúil sa Gharda Síochána a chur chun cinn agus a neartú

E4.2 Samhail Oibriúcháin Eagraíochtúil an Gharda Síochána a rolladh amach

Torthaí na Roinne

Spreagfaimid an ghairmiúlacht i measc phearsanra an Gharda Síochána, Contae Chorcaí trína chinntiú go bhfuil bunús Cearta Daonna ag gach gníomhaíocht agus go bhfuil siad de réir an Chóid Eitice. Cinnteoimid go mbeidh gach ball foirne ar an eolas faoina n-oibleagáidí reachtúla agus beidh rochtain agus aisghabháil sonraí uile pearsanra de réir RGCS, Achtanna um Chosaint Sonraí agus Beartas an Gharda Síochána. Leanfaimid orainn ag cinntiú réasúnaíocht eiticiúil inár gcuid oibre, agus ag gabháil do thionscnaimh eagraíochtúla chun dul i ngleic leis an éagóir, ag coinneáil muinín sa phobal ar a bhfreastalaímid.

Leanfaidh An Garda Síochána, Contae Chorcaí leis na hullmhúcháin chun an tSamhail Oibriúcháin a Chur i bhFeidhm – feabhas a chur ar mhaoirseacht agus éifeachtúlacht próiseála, ag cur ar chumas níos mó comhaltaí den Gharda Síochána filleadh ar dhualgais túsline. Tacófar le rolladh amach an Tionscadail Teicneolaíochta leis an oiliúint iomchuí lena gcinnteofar go mbeidh teicneolaíochtaí nua i gcoilár an tseachadta seirbhíse.





Cumasóir 5: An Póilíníú Faisnéis-Láraithe

Seirbhís a chothú atá faisnéis-treoraithe, ag úsáid sonraí agus teicneolaíochta chun éifeachtúlachtaí, éifeachtacht agus cinnteoireacht a chur chun cinn.

Spricanna Náisiúnta

E5.1 Ár bhFís i leith Sonraí agus Teicneolaíocht a chur chun cinn trí chur i bhfeidhm an Treochláir TFC, 2024

E5.2 Cáilíocht fheabhsaithe sonraí a ghairáil chun úsáid na sócmhainní sonraí sa phóilíníú oibriúcháin a leathnú de réir a chéile

Torthaí na Roinne

Cuirfear cur i bhfeidhm Treochlár TFC 2024 chun cinn i gContae Chorcaí trí rolladh amach agus oiliúint, ag cinntiú go bhfuil teicneolaíochtaí nua ag tacú le seachadadh seirbhíse. Leanfaidh gach pearsanra túsline le húsáid gléasanna soghluaisteacha lena gcumasófar an chianrochtain agus lena bfeabhsófar éifeachtúlacht na seirbhíse.

Déanfar monatóireacht ar Fheidhmiúlacht Cáilíochta Sonraí trí thuariscíú KPI agus anailís chun mionsonrú a dhéanamh ar athruithe, treochtaí agus gníomhartha a chinnteoidh comhlíonadh agus comhsheasmhacht le hoibleagáidí reachtúla. Gach Sonraí le húsáid go heiticiúil agus go héifeachtach chun cinní eolasacha a dhéanamh.



Tacaíocht Bhreise a Aimsiú

Cineál Tacaíochta	Ainm	Teileafón	Ríomhphost
Íospartaigh na Coireachta	Seirbhísí Tacaíochta Tar éis Coireachta	0214320555	info@supportaftercrimeservices.ie
Íospartaigh Foréigean Baile, Fir & Mná	OSS Chorcaí	1800 497497	osscork@gmail.com
Íospartaigh Coireanna Gnéis	Ionad Foréigean Gnéis Chorcaí	1800 496496	info@sexualviolence.ie
Íospartaigh Bhaineanna den Fhoréigean Baile	YANA, (Níl Tú i d'Aonair) – Corcaigh Thuaidh West Cork Women Against Violence (WCWAV)	022 53915 1800203136	West Cork Womens Project - Home
Líne Chabhrach d'Íospartaigh	Líne chabhrach d'Íospartaigh na coireachta	116006 nó Téacs 085 1337711	info@victimshelpline.ie
Íospartaigh na Coireachta - Turasóirí	Turasóir Éireannach Seirbhís Cúnaimh	1890 365700 01-6669354	info@itas.ie
Íospartaigh Fireanna den Fhoréigean Baile	Amen	046 9023718	info@amen.ie
Daoine ar Iarraidh	Tacaíocht do theaghlach Daoine ar Iarraidh	1890 442552	info@missingpersons.ie www.missingpersons.ie
Íospartaigh na Coireachta i gCeantair Thuaithe.	Muintir na Tíre	062 51163	info@muintir.ie
Íospartaigh Mhí-úsáid Ghnéis Leanáí	'One In Four'	01 6624070	info@oneinfour.ie
Daoine aosta / Daoine atá ag dul in aois	Aoisghníomhaíocht Chorcaí	021 2067399	AAC@ageaction.ie
Íospartaigh coireanna gnéis	An Líonra éigeandála éignithe	091 563676	info@rcni.ie
Comhairle Dí	An Bord um Chúnaimh Dlíthiúil	1890 615200	www.legalaidboard.ie
Faisnéis do Shaoránaigh	An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh	0761 076950	www.citizensinformation.ie
MABS	An tSeirbhís Bhuiséadta agus Chomhairle Airgid	0761072000	www.mabs.ie
Íospartaigh Dúnbhásaithe	ADVIC – Abhcóideacht d'Íospartaigh na Dúnbhásaithe	086 1272156	info@advic.ie









Plean Póilíneachta Roinn Chontae Chorcaí, 2024

An Mheabhairshláinte Óige	Jigsaw	021 2452500	cork@jigsaw.ie
Meabhairshláinte	Pieta House	1800247247	info@pieta.ie
Mí-Úsáid Drugaí/Alcóil	Líne Chabhrach FSS	1800 459459	<i>Eolair seirbhísí ag an nasc seo:</i> http://www.healthpromotion.ie/health/drugs

Naisc Leathanach Gréasáin an Gharda Síochána	Hipearnasc
Nasc um an Tacaíocht d'Fhoréigean Baile	Mí-Úsáid Baile - Garda
Nasc chuig Tacaíocht d'Íospartaigh na Coireachta	Cá háit eile is féidir liom tacaíocht a fháil? - Bileog
Faoi Choireacht Fuatha an Gharda	Bileog Thrífhilte ar Choireacht Fuath i mBéarla (garda.ie) Bileog ar fáil i go leor teangacha ag bun an leathanaigh
Leathanach Acmhainní um Chosc ar Choireacht	Coireacht a Chosc - Garda



Icon Bank

Brí	Icon
	Cruinniú fíorúil
	Cruinniú duine-le-duine
	Ar an bhfón
	Trí Ríomhphost
	Sa phost
	Ar an raidió
	Ar Theilifís
	Ar na meáin shóisialta
	Feachtais sna Meáin Chumarsáide
	Oiliúint
	Trí chórais chorparáideacha
	Leis na Gardaí, duine-le-duine
	Gardaí i nGnáthéadaí
	TCI
	Ar chos
	Ar rothar
	Le Carranna
	Ar Ghluaisrothar
	Ar bhusanna
	Ar thraenacha



AN GARDA SÍOCHÁNA

